# Grants payable to Non-Fee Charging Voluntary Secondary Schools School Year 2025/2026

***Please note:*** *The Support Services Grant and the Grants for Secretaries are subject to change resulting from modifications to funding outlined in [Circular 36/2022](Circular 36/2022) "Revision of Salaries and Annual Leave arrangements for School Secretaries employed in recognised primary and post primary schools", and/or as a result of government budgetary changes. These changes have not yet been finalised by the Department of Education.*

1. **Standard Capitation Grant: €386** per pupil. The grant is currently paid in three instalments of €128.66 per instalment and is based on current enrolment.

   **N.B. Where the school's enrolment increases or decreases, the first two payments are calculated on 2024/2025 enrolment and the full adjustment for current year enrolment is applied to the final payment.**

2. **DEIS Grant (DEIS Schools only):** Schools included in the School Support Programme under DEIS receive a grant which is based on the level of concentrated disadvantage in each school and the school's enrolment. Queries in relation to the DEIS grant should be directed to Social Inclusion Unit in the Department of Education.

3. **Support Services Grant: €224.50** per pupil. The minimum grant payable is set at **€44,900.**

4. **Grants for Secretaries:** Applies to those schools that employ secretaries who did not transfer to the Department's payroll in September 2023.

   a) Basic Secretarial Grant - **€40** per pupil. The maximum grant payable is set at **€14,000.**
   b) SSSF Secretary Grant - **€26.50** per pupil. The minimum grant payable is set at **€5,300** and the maximum grant is set at **€9,275**.

- School secretaries employed under the 1978 scheme are paid directly by the Department of Education and therefore any such school is not entitled to the secretarial grants above regardless of its enrolment figure.

- School secretaries employed in approved posts funded by monies provided by the Oireachtas and who are covered by the terms of the 2022 Workplace Relation Commission (WRC) agreement and the terms of Circular 0036/2022: Work is ongoing to identify a method of standardizing the reduction to the support services/ancillary grants for the longer term where school secretaries are being paid on the Department payroll.

- For the purpose of preparing the school budget for the school year 2025/2026 where a school secretary has moved to the Department of Education payroll, we have based the calculation of the grants on the arrangements as set out in the letter to schools from the Department of Education 20th December 2023.

- These schools will have the ancillary grant due reduced to reflect the fact that schools are no longer paying these staff directly.

    - Grant: Basic Secretary Grant, SSSF Secretarial Grant and Support Services Grant (SSSF) Grant
    - Less: Annual grant funded salary plus Employers PRSI

**5. Grants for Caretakers:**

a) Basic Caretaker Grant - **€34** per pupil. The maximum grant payable is set at **€11,900**.
b) SSSF Caretaker Grant - **€20.50** per pupil. The minimum grant payable is set at **€4,100** and the maximum grant is set at **€7,175**.

To qualify for the **Basic Secretary or Caretaker Grants** a school must have an enrolment figure of at least 200 pupils. The grant is calculated by multiplying the enrolment figure by the rate per capita up to a maximum of 350 pupils. If a school subsequently falls below the 200 enrolment figure, the grant is paid on the enrolment figure multiplied by the rate.

The **SSSF Caretaker/Secretary Grants** are paid to schools receiving either of the above mainstream grants. A school in receipt of the Secretary Grant will receive the SSSF – Secretary Grant and a school in receipt of the Caretaker Grant will receive the SSSF – Caretaker Grant. Each eligible school will receive a minimum grant based on 200 pupils up to a maximum based on 350 pupils. Schools with enrolments between 200 and 350 will be paid on a pro rata basis.

Schools that have never reached a minimum enrolment figure of 200 pupils and therefore are not in receipt of the Caretaker or Secretary grants, are still entitled to the **SSSF Caretaker** (**€20.50** per pupil) and **SSSF Secretary** (**€26.50** per pupil) grants at the minimum grant of 200 x Rate.

## 6. Tuition Grants

a) **Transition Year Grant: €100** per pupil in Transition Year

b) **Leaving Certificate Applied Grant: €159** per pupil in LCA. This is based on pupil enrolment in 5th and 6th year of LCA programme

c) **Junior Certificate Schools Programme: €63** per pupil in First Year JCSP

d) **Physics and Chemistry: €13** per pupil taking Physics and/or Chemistry in 5$^{th}$ and 6$^{th}$ Year.

## 7. New Free Schoolbooks Grant and Administration Support Grant:

- For pupils enrolled in junior cycle years in the 2025/2026 school year: €309 per pupil.
- For pupils enrolled in transition year in the 2025/2026 school year: €142 per pupil.
- For pupils enrolled in senior cycle (5$^{th}$ & 6$^{th}$ year, including LCA 1&2) in the 2025/2026 school year: €295 per pupil.

An administration support grant will be provided. The Administration Support Grant is made up of two parts (core administration days and supplementary support days).

The core administration days may be used to employ a person to work for a specified number of days in advance of, or during, the 2025/26 school year to carry out administrative work on the scheme. The daily rate sanctioned by the Department for this work is €167.54, which includes holiday pay. The Department will provide an additional 11.15% to cover the employer PRSI cost.

The supplementary support days may be used to employ students/other individuals to help the school with the implementation of the scheme. Students/other individuals will be paid the current minimum wage appropriate to their age. Schools will be allocated funding of €13.50 per hour. For the purposes of the supplementary support days grant calculation, a day is taken to mean 7 hours.

The number of days allocated are based on the enrolment size.

| Size of school<br><br>(Student enrolment September 2024) | Core administration days | Supplementary support (students/ other individuals) | Total Days |
|---|---|---|---|
| **0 – 300** | 18 | 10 | 28 |
| **301 – 600** | 21 | 15 | 36 |
| **601 – 1000** | 24 | 20 | 44 |
| **1001 – 1600** | 26 | 25 | 51 |

Guidance on the scheme can be found here.

8. **Grant for Special Needs Class:** A grant of **€225 per pupil** is payable in respect of pupil psychologically assessed as having a mild or moderate learning disability **and** who participate in National Council for Special Education (NCSE) approved special classes.

9. **Irish and Bi-Lingual Grants**: **€122.26** per pupil where all subjects are taught through Irish and **€24.45** per pupil per subject where a maximum of four subjects are taught through Irish.

10. **Grant for Traveller pupils**: A grant of **€239.50** is payable for each traveller pupil.

11. **Supervision/Substitution Scheme Funding**

    Where a teacher has opted out of Supervision and Substitution Scheme, an amount equivalent to the supervision and substitution allowance has been allocated to the teacher's school for the provision of supervision and substitution duties. This grant cannot be used to pay full-time teachers or teachers who have opted out of the Scheme for supervision and substitution on a casual/ non-pensionable basis.

    The school will receive €1,769 per annum for teachers employed pre - 1 January 2011 and €1,592 for teachers employed post- 31st December 2010 who opted out of the scheme.

12. **Capital Grants:** With prior Trustee approval, the board of management may seek capital funding from the Department of Education under the following categories:
    - Major Projects
    - Additional Accommodation
    - Emergency Works (See Circular 0068/2020)
    - Remediation Programmes
    - Summer Works Scheme

Application forms for Major Capital Works (Form SLE) and Additional Accommodation (Form ASA) should be downloaded by clicking here.

Post-primary schools requiring **emergency works** to be undertaken must apply under this scheme by completing the online Emergency Works Application Form available through the Esinet system under the tab labelled 'Devolved Projects'.

**13. References**

This financial guideline is based on Department of Education Circulars 0079/2024, 0082/2020, 0006/2014, Budget 2025 announcements and Department of Education letter dated 20th December 2023 'Arrangements for the payment of Ancillary Services Grant to schools that are due to have the grants revised'.

**14.** You can calculate your expected grant income for the school year using the FSSU budget templates. Click here to download the budget template.

Financial Support Services Unit
Tel: 01 2690677
info@fssu.ie

*5th March 2025*

| | SUMMARY OF GRANTS PAYABLE 2025/2026 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **No.** | **Grant Description** | **Current Rate per Pupil** | **Instalments** | **Notes** | **Nominal Code in FSSU Chart of Accounts** |
| 1 | **Capitation** Standard Rate | **€386** | 3 | | <3010> |
| 2 | **DEIS Grant**<br>**DEIS (Delivering Equality Of Opportunity in Schools)** | | 1 | Payable only to schools classified as DEIS. | <3020> |
| 3 | **Support Services Grant** **1* | **€224.50** | 3 | Minimum for 2025/26 - €44,900 | <3050> |
| 4 | **Secretary** **1* | **€40** | 3 | Schools not in 1978 scheme.<br>Min. Enrolment - 200.<br>Maximum for 2025/26 - €14,000 | <3100> |
| 5 | **Secretary - School Services Support Fund (SSSF)** **1* | **€26.50** | 3 | Schools not in 1978 Scheme.<br>Minimum for 2025/26 - €5,300 Maximum for 2025/26 - €9,275 | <3100> |
| | *1 Note: Where a school secretary has moved to the Department Payroll:<br>These schools will have the ancillary grant due reduced to reflect the fact that schools are no longer paying these staff directly.<br>Grant: Basic Secretary Grant, SSSF Secretarial Grant and the Support Services Grant (SSSF) Grant<br>**Less:** Annual grant funded salary plus Employers PRSI | | | | |
| 6 | **Caretaker** | **€34** | 3 | Minimum Enrolment - 200<br>Maximum for 2025/26 - €11,900 | <3130> |
| 7 | **Caretaker- School Services Support Fund (SSSF)** | **€20.50** | 3 | Payable to all schools<br>Minimum for 2025/26 - €4,100 Maximum for 2025/26 - €7,175 | <3130> |
| 8 | **Transition Year** | **€100** | 1 | | <3200> |
| 9 | **Leaving Cert Applied** | **€159** | 1 | | <3210> |
| 10 | **Junior Cert School Programme** | **€63** | 1 | $1^{st}$ Year JCSP only | <3190> |
| 11 | **Physics and Chemistry** | **€13** | 1 | Per pupil in $5^{th}$ and $6^{th}$ Year Physics and/or Chemistry | <3245> |
| 12 | **Free schoolbooks scheme grant**<br>**- Junior cycle**<br>**- Transition Year**<br>**- Senior Cycle**<br><br>**Administration support grant**<br>**- Core Days** | **€309**<br>**€142**<br>**€295**<br><br>**Daily rate:**<br>**€167.54**<br>**+11.15%** | 1<br><br><br><br><br>1 | Department of Education Guidance | <3151><br><br><br><br><br><3152> |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **- Supplementary Days** | **Based on minimum wage rate €13.50 per hour** | | | |
| 13 | **Grant for Special Needs Class** (Mild or Moderate Learning Disability) | **€225** | 1 | | <3290> |
| 14 | **Irish and Bi-Lingual Grant**<br>All subjects through Irish<br>Max 4 subjects through Irish | **€122.26**<br>**(€24.45 per subject)** | 1 | | <3171> |
| 15 | **Traveller Grant** | **€239.5** | 1 | | <3220> |
| 16 | **Supervision and Substitution**<br>Pre 1st Jan 2011 teachers<br>For teachers joining the scheme after 31st Dec 2010 | **€1,769**<br>**€1,592** | 2 | | <3240> |

# Deontais is Iníoctha
# le Meánscoileanna Deonacha Gan Táille
# Scoilbhliain 2025/2026

***Tabhair do d'aire:*** *Tá Deontas Seirbhísí Tacaíochta agus Deontais do Rúnaithe faoi réir athraithe mar thoradh ar mhodhnaithe ar mhaoiniú a leagtar amach i gCiorclán 36/2022 "Athbhreithniú ar Thuarastail agus ar shocruithe maidir le Saoire Bhliantúil do Rúnaithe Scoile atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna aitheanta", agus/nó mar thoradh ar athruithe buiséid arna ndéanamh ag an Rialtas. Níl na hathruithe seo curtha i gcrích ag an Roinn Oideachais go fóill.*

1. **Deontas Caipitíochta Caighdeánach: €386** in aghaidh an dalta. Íoctar an deontas i dtrí thráthchuid de €128.66 in aghaidh na tráthchoda faoi láthair agus tá sé bunaithe ar rollú reatha.

   **N.B. Nuair a thagann méadú nó laghdú ar rollú na scoile, déantar an chéad dá íocaíocht a ríomh de réir rollú 2024/2025 agus cuirtear an coigeartú iomlán le haghaidh rollú na bliana reatha i bhfeidhm ar an íocaíocht dheireanach.**

2. **Deontas DEIS (Scoileanna DEIS amháin):** Scoileanna atá san áireamh sa Chlár Tacaíochta Scoile faoi DEIS, faigheann siad deontas a bhíonn bunaithe ar leibhéal an dlúth-mhíbhuntáiste i ngach scoil, chomh maith le rollú na scoile. Ba cheart aon cheisteanna maidir leis an deontas DEIS a chur chuig an Aonad um Ionchuimsiú Sóisialta sa Roinn Oideachais.

3. **Deontas Seirbhísí Tacaíochta**: **€224.50** in aghaidh an dalta. Is é **€44,900** an deontas íosta is iníoctha.

4. **Deontais do Rúnaithe:** Baineann sé leis na scoileanna sin a fhostaíonn rúnaithe nár aistrigh chuig párolla na Roinne i Meán Fómhair 2023.

   a) An Deontas Bunúsach Rúnaí - **€40** in aghaidh an dalta. Is é **€14,000** an deontas uasta is iníoctha.
   b) An Deontas CTSS faoi chomhair Rúnaithe - **€26.50** in aghaidh an dalta. Is é **€5,300** an deontas íosta is iníoctha agus **€9,275** an deontas uasta.

- Is í an Roinn a íocann rúnaithe scoile atá fostaithe faoi scéim 1978 go díreach agus dá bhrí sin, níl aon scoil dá leithéid i dteideal na ndeontas rúnaí thuas beag beann ar a figiúr rollaithe.

- Rúnaithe scoile atá fostaithe i bpoist fhaofa maoinithe ag airgead arna sholáthar ag an Oireachtas agus atá clúdaithe ag téarmaí chomhaontú 2022 an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) agus téarmaí Chiorclán 0036/2022: Tá obair ar bun chun modh a aithint chun an laghdú ar na seirbhísí tacaíochta/deontais choimhdeacha a chaighdeánú don fhadtéarma ina bhfuil rúnaithe scoile á n-íoc ar phárolla na Roinne.

- Chun buiséad na scoile a ullmhú don scoilbhliain 2025/2026 sa chás go bhfuil rúnaí scoile tar éis bogadh go párolla na Roinne Oideachais, tá ríomh na ndeontas bunaithe againn ar na socruithe mar atá leagtha amach sa litir chuig scoileanna ón Roinn Oideachais an 20 Nollaig 2023.

- Beidh an deontas coimhdeach le laghdú ag na scoileanna seo chun a léiriú nach bhfuil scoileanna ag íoc na foirne seo go díreach a thuilleadh.

  - Deontas: Deontas Rúnaí Bunúsach, Deontas Rúnaíochta SSSF agus Deontas an Deontais Seirbhísí Tacaíochta (SSSF)
  - Lúide: Tuarastal bliantúil maoinithe deontais móide ÁSPC Fostóra

## 5. Deontais faoi chomhair Feighlithe:

a) An Deontas Bunúsach Feighlí - **€34** in aghaidh an dalta. Is é **€11,900** an deontas uasta is iníoctha.
b) An Deontas CTSS faoi chomhair Feighlithe - **€20.50** in aghaidh an dalta. Is é **€4,100** an deontas íosta is iníoctha agus **€7,175** an deontas uasta.

Ní mór go mbeadh 200 scoláire ar a laghad rollaithe sa scoil le bheith i dteideal **na nDeontas Bunúsach Rúnaí nó Feighlí**. Ríomhtar an deontas tríd an bhfigiúr rollaithe a iolrú faoin ráta in aghaidh an duine, suas le 350 scoláire ar a mhéad. Má thiteann rollú na scoile faoi bhun 200 ina dhiaidh sin, ríomhtar an deontas tríd an bhfigiúr rollaithe a iolrú faoin ráta.

Íoctar **na Deontais CTSS faoi chomhair Rúnaithe/Feighlithe** le scoileanna a fhaigheann ceachtar de na deontais phríomhshrutha thuas. Gheobhaidh scoil a fhaigheann an Deontas Rúnaí an Deontas CTSS faoi chomhair Rúnaithe agus gheobhaidh scoil a fhaigheann an Deontas Feighlí an Deontas CTSS faoi chomhair Feighlithe chomh maith. Gheobhaidh gach scoil incháilithe deontas

íosta bunaithe ar 200 scoláire, suas le 350 scoláire ar a mhéad. Íocfar ar bhonn pro rata scoileanna ag a bhfuil a rollú idir 200 agus 350 scoláire.

Scoileanna nach bhfuil an t-íosfhigiúr rollaithe (200 dalta) bainte amach acu riamh, agus nach bhfaigheann an Deontas Rúnaí ná an Deontas Feighlí dá bharr sin, tá siad fós i dteideal an Deontais **CTSS faoi chomhair Feighlithe** (**€20.50** in aghaidh an dalta) agus an **Deontais CTSS** faoi chomhair Rúnaithe (**€26.50** in aghaidh an dalta) ar an ráta íosta, i.e. 200 x an Ráta.

## 6. Deontais Teagaisc

a) **Deontas na hIdirbhliana: €100** in aghaidh an dalta san Idirbhliain

b) **Deontas don Ardteistiméireacht Fheidhmeach: €159** in aghaidh an dalta atá ag gabháil don Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Tá sé seo bunaithe ar líon na ndaltaí sa 5ú agus sa 6ú bliain atá cláraithe don Ardteistiméireacht Fheidhmeach

c) **Clár an Teastais Shóisearaigh do Scoileanna: €63** in aghaidh an dalta sa Chéad Bhliain den Chlár

d) **Fisic agus Ceimic: €13** in aghaidh an dalta atá ag gabháil don Fhisic agus/nó don Cheimic sa 5ú nó sa 6ú bliain.

## 7. An Deontas Nua Leabhar Bunscoile in Aisce agus an Deontas Tacaíochta Riaracháin:

- Do na daltaí siúd atá rollaithe i mblianta na sraithe sóisearaí i scoilbhliain 2025/2026: €309 in aghaidh an dalta.
- Do na daltaí siúd atá rollaithe i mblianta na Idirbhliain i scoilbhliain 2025/2026: €142 in aghaidh an dalta.
- Do na daltaí siúd atá rollaithe i mblianta na sraithe sinsearaí i (Scoilbhliain 5 agus 6, lena n-áirítear ATF 1 agus 2) sa scoilbhliain 2025/2026: €295 in aghaidh an dalta.

Cuirfear deontas tacaíochta riaracháin ar fáil. Tá dhá chuid den Deontas Tacaíochta Riaracháin (croílaethanta riaracháin agus laethanta tacaíochta forlíontacha).

Is féidir <u>na croílaethanta riaracháin</u> a úsáid chun duine a fhostú chun obair ar feadh líon sonraithe laethanta roimh scoilbhliain 2025/26, nó lena linn, chun obair riaracháin a dhéanamh ar an scéim. Is é an ráta laethúil atá ceadaithe ag an Roinn don obair seo ná €167.54, lena n-áirítear pá saoire. Cuirfidh an Roinn 11.15% breise ar fáil chun costas ÁSPC an fhostóra a chlúdach.

Is féidir <u>na laethanta tacaíochta forlíontacha</u> a úsáid chun daltaí/daoine eile a fhostú chun cuidiú leis an scoil an scéim a chur i bhfeidhm. Íocfar daltaí/daoine eile an pá íosta a oireann dá n-aois

féin. Leithdháilfear maoiniú ar scoileanna a chlúdóidh an ráta €13.50 san uair. Chun críocha lá tacaíochta forlíontach a ríomh, glactar leis gurb ionann lá agus 7 n-uair an chloig.

Bunaítear líon na laethanta a leithdháiltear ar mhéid rollaithe na scoile.

| **Méid na Scoile**<br><br>**(Rollú Daltaí Meán Fómhair 2024)** | **Croílaethanta Riaracháin** | **Laethanta Tacaíocht Forlíontacha (daltaí/daoine eile)** | **Laethanta san Iomlán** |
|---|---|---|---|
| **0 – 300** | 18 | 10 | 28 |
| **301 – 600** | 21 | 15 | 36 |
| **601 – 1000** | 24 | 20 | 44 |
| **1001 – 1600** | 26 | 25 | 51 |

Is féidir teacht ar threoir maidir leis an scéim deontas anseo.

8. **Deontas do Ranganna Riachtanas Speisialta:** Tá deontas **€225 in aghaidh an dalta** iníoctha i leith dalta a measadh go síceolaíoch a bhfuil míchumas foghlama éadrom nó measartha acu **agus** a ghlacann páirt i ranganna speisialta atá faofa ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS).

9. **Deontais Ghaeilge agus Dátheangachais: €122.26** in aghaidh an dalta sa chás go dteagasctar na hábhair go léir trí mheán na Gaeilge agus **€24.45** in aghaidh an dalta in aghaidh an ábhair sa chás go dteagasctar ceithre ábhar ar a mhéad trí mheán na Gaeilge.

10. **Deontas do Dhaltaí ar Taistealaithe de chuid an Lucht Siúil**: Íoctar deontas **€239.50** i leith gach dalta de chuid an Lucht Siúil.

11. **Maoiniú don Scéim Maoirseachta/Ionadaithe**
Sa chás gur dhiúltaigh múinteoir a bheith páirteach sa Scéim Maoirseachta agus Ionadaithe, leithdháiltear méid is ionann agus an liúntas maoirseachta agus ionadaithe ar scoil an mhúinteora chun dualgais mhaoirseachta agus ionadaithe a chomhlíonadh. Ní ceadmhach an deontas sin a úsáid le múinteoirí lánaimseartha a dhiúltaigh a bheith páirteach sa scéim a íoc as maoirseacht ná ionadú ar bhonn neamhfhoirmeálta/neamh-inphinsin.

Gheobhaidh an scoil €1,769 sa bhliain i leith múinteoirí a fostaíodh roimh an 1 Eanáir 2011 agus €1,592 i leith múinteoirí a fostaíodh tar éis an 31 Nollaig 2010 a dhiúltaigh a bheith páirteach sa scéim.

12. **Deontais Caipitil:** Tar éis cead a fháil ó na hIontaobhaithe roimh ré, féadfaidh an Bord Bainistíocha maoiniú caipitil a lorg ón Roinn Oideachais agus Scileanna faoi na catagóirí seo a leanas:
    - Mórthionscadail
    - Cóiríocht Bhreise
    - Oibreacha Éigeandála (Féach Ciorclán 0068/2020)
    - Cláir Feabhsúcháin
    - Scéim na nOibreacha Samhraidh

    Foirmeacha Iarratais i gcomhair Móroibreacha caipitiúla (Foirm SLE) agus Cóiríocht Bhreise ba cheart (Foirm ASA) a íoslódáil trí chliceáil anseo.

    I gcás iar-bhunscoileanna a dteastaíonn **oibreacha éigeandála** uathu, ní mór dóibh iarratas a dhéanamh faoin scéim seo ach an Fhoirm Iarratais ar Oibreacha Éigeandála a chomhlánú ar líne trí chóras Esinet, faoin táb 'Devolved Projects'.

13. **Teistiméireachtaí**
    Tá an treoirlíne airgeadais seo bunaithe ar Chiorcláin 0079/2024, 0082/2020, 0006/2014, Fógraí Buiséad 2025 agus litir ón Roinn Oideachais an 20 Nollaig 2023 maidir le 'Socruithe chun Deontas Seirbhísí Coimhdeacha a íoc le scoileanna atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar na deontais'.

14. Féadfaidh tú an t-ioncam deontais a bhfuil tú ag súil leis don scoilbhliain a ríomh ach na teimpléid bhuiséid FSSU a úsáid. Cliceáil anseo chun teimpléad a íoslódáil.

Guthán: 01-269 0677
info@fssu.ie

*An 5ú Márta 2025*

| | ACHOIMRE AR NA DEONTAIS IS INÍOCTHA 2025/2026 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Cur Síos ar an Deontas** | **Ráta in aghaidh an Dalta** | **Tráthchodanna** | **Nótaí** | **Cód Ainmniúil i gCairt Cuntas FSSU** |
| 1 | **Caipitíocht** Gnáthráta | **€386** | 3 | | <3010> |
| 2 | **Deontas DEIS**<br>**DEIS (Comhdheiseanna a Sholáthar i Scoileanna)** | | 1 | Iníoctha le scoileanna DEIS amháin. | <3020> |
| 3 | **Deontas Seirbhísí Tacaíochta** **1* | **€224.50** | 3 | Íosmhéid do 2024 - €44,900 | <3050> |
| 4 | **Rúnaí** **1* | **€40** | 3 | Scoileanna nach bhfuil i scéim 1978.<br>Íos. Rollú - 200.<br>Uasmhéid do 2025/26 - €14,000 | <3100> |
| 5 | **Rúnaí - An Ciste Tacaíochta do Sheirbhísí Scoile (CTSS)** **1* | **€26.50** | 3 | Scoileanna nach bhfuil i scéim 1978.<br>Íosmhéid do 2025/26 - €5,300 Uasmhéid do 2025/26 - €9,275 | <3100> |
| | *1 Tabhair do d'aire: Sa chás go bhfuil rúnaí scoile tar éis bogadh go Párolla na Roinne: Beidh an deontas coimhdeach le laghdú ag na scoileanna seo chun a léiriú nach bhfuil scoileanna ag íoc na foirne seo go díreach a thuilleadh.<br>Deontas: Deontas Rúnaí Bunúsach, Deontas Rúnaíochta SSSF agus Deontas an Deontais Seirbhísí Tacaíochta (SSSF)<br>**Lúide:** Tuarastal bliantúil maoinithe deontais móide ÁSPC Fostóra | | | | |
| 6 | **Feighlí** | **€34** | 3 | Íoschlárú - 200<br>Uasmhéid do 2025/26 - €11,900 | <3130> |
| 7 | **Feighlí - Ciste Tacaíochta Seirbhísí Scoile (CTSS)** | **€20.50** | 3 | Iníoctha le gach scoil<br>Íosmhéid do 2025/26 - €4,100 Uasmhéid do 2025/26 - €7,175 | <3130> |
| 8 | **An Idirbhliain** | **€100** | 1 | | <3200> |
| 9 | **An Ardteistiméireacht Fheidhmeach** | **€159** | 1 | | <3210> |
| 10 | **Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh** | **€63** | 1 | 1ú Bhliain den CSTS amháin | <3190> |
| 11 | **Fisic agus Ceimic** | **€13** | 1 | In aghaidh an dalta sa 5ú agus sa 6ú bliain atá ag gabháil don Fhisic agus/nó don Cheimic | <3245> |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 12 | **Scéim leabhar scoile saor in aisce**<br>- **Sraith shóisearach**<br>- **An Idirbhliain**<br>- **Sraith shinsearach**<br><br>**Deontas tacaíochta riaracháin**<br>- **Croílaethanta**<br><br>- **Laethanta Forlíontacha** | **€309**<br>**€142**<br>**€295**<br><br>**Ráta laethúil: €167.54 +11.15%**<br><br>**Bunaithe ar phá íosta ag an ráta €13.50 san uair** | 1 | Treoir ón Roinn Oideachais | <3151><br><br><3152> |
| 13 | **Deontas do Ranganna Riachtanas Speisialta**<br>(Míchumas Foghlama Éadrom nó Meánach) | **€225** | 1 | | <3290> |
| 14 | **Dátheangach**<br>gach ábhar trí mheán na Gaeilge<br>4 ábhar ar a mhéad trí mheán na Gaeilge | **€122.26**<br><br>**(€24.45 in aghaidh an ábhair)** | 1 | | <3171> |
| 15 | **An Deontas don Lucht Siúil** | **€239.50** | 1 | | <3220> |
| 16 | **Maoirseacht agus Ionadú**<br>Múinteoirí a fostaíodh roimh an 1 Eanáir 2011<br>Múinteoirí a tháinig isteach sa scéim tar éis an 31 Nollaig 2010 | **€1,769**<br><br>**€1,592** | 2 | | <3240> |